**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Seisiún iomlánach*

**A9-0063/2024**

28.2.2024

# TUARASCÁIL

maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch le haghaidh 2024
(2023/2063(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: René Repasi

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Margarida Marques, An Coiste um Buiséid

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................12

ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT ......................................................................................................................................14

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM BUISÉID....................................................................................15

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.......................................21

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........22

# TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch le haghaidh 2024**
**(2023/2063(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe Airteagail 121(2) agus 136 de,

– ag féachaint do Phrótacal Uimh. 1 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach,

– ag féachaint do Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann le CAE agus le CFAE maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm,

– ag féachaint don Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta,

– ag féachaint do Chomhaontú Pháras faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe,

– ag féachaint do Threoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1177/2011 ón gComhairle an 8 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1174/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le bearta forfheidhmiúcháin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa limistéar euro a cheartú[4],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú[5],

---

[1] IO L 306, 23.11.2011, lch. 41.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 33.
[3] IO L 306, 23.11.2011, lch. 1.
[4] IO L 306, 23.11.2011, lch. 8.
[5] IO L 306, 23.11.2011, lch. 12.

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[6],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar na Ballstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais[7],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireachán agus measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú[8],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[9] (Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 dar teideal The European Pillar of Social Rights Action Plan [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (COM(2021)0102),

– ag féachaint do Ghealltanas Sóisialta Porto an 7 Bealtaine 2021 ón gComhairle, ón gCoimisiún, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó na comhpháirtithe sóisialta,

– ag féachaint don mheasúnú ón mBord Fioscach Eorpach an 28 Meitheamh 2023 ar an staid fhioscach atá iomchuí don limistéar euro in 2024,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil ón mBord Fioscach Eorpach an 4 Deireadh Fómhair 2023,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Samhain 2022 maidir le treoshuíomhanna le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais (COM(2022)0583),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2023 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (COM(2023)0240),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2023 le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (COM(2023)0241),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2023 le haghaidh treoir ón

[6] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.
[7] IO L 140, 27.5.2013, lch. 1.
[8] IO L 140, 27.5.2013, lch. 11.
[9] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha na mBallstát (COM(2023)0242),

– ag féachaint do Dhearbhú Granada a glacadh an 6 Deireadh Fómhair 2023,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Samhain 2023 dar teideal 'Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2024' (COM(2023)0901),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Samhain 2022 dar teideal 'Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh' (COM(2023)0902) agus don mholadh ón gCoimisiún an 21 Samhain 2022 le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (COM(2023)0903),

– ag féachaint don togra le haghaidh tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle an 21 Samhain 2022 (COM(2023)0904),

– ag féachaint do Réamhaisnéis Eacnamaíoch Fhómhar 2023 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2023,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0063/2024),

A. de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag an Seimeastar Eorpach maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, struchtúracha, shóisialta agus fostaíochta a chomhordú sna Ballstáit, agus ar an gcaoi sin cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a choimirciú;

B. de bhrí, de réir réamhaisnéis gheimhreadh 2024 ón gCoimisiún, go meastar nár mhéadaigh gníomhaíocht eacnamaíoch in 2023 ach 0.5 % san Aontas agus sa limistéar euro araon in aghaidh boilsciú ard agus coinníollacha maoinithe níos déine, tar éis téarnamh láidir in 2022; de bhrí go ndearnadh athbhreithniú ar fhás OTI a bhfuiltear ag súil leis síos go dtí 0.9 % (ó 1.3 %) san Aontas agus 0.8 % (ó 1.2 %) sa limistéar euro do 2024; de bhrí go meastar fós in 2025 go dtiocfaidh méadú 1.7 % ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas agus 1.5 % sa limistéar euro;

C. de bhrí gur lean margadh saothair an Aontais de bheith ag feidhmiú go láidir sa chéad leath de 2023, in ainneoin an mhoillithe ar an bhfás eacnamaíoch; de bhrí, de réir réamhaisnéis fhómhar 2023 ón gCoimisiún, áfach, go raibh ganntanais lucht saothair fós géar ar fud go leor earnálacha agus gairmeacha, go háirithe i réimsí a bhaineann le teicneolaíochtaí astaíochtaí glan-nialasacha agus astaíochtaí ísle a mhéadú agus a chur chun feidhme; de bhrí go raibh an dífhostaíocht ar leibhéal níos ísle ná riamh san Aontas ina iomláine, le héagsúlacht ar fud na mBallstát; de bhrí gur shroich dífhostaíocht i measc na hóige 14.7 % san Aontas agus 14.4 % sa limistéar euro i mí na Nollag 2023, de réir Eurostat;

D. de bhrí go meastar go dtitfidh an boilsciú ó 6.3 % in 2023 go 3.0 % in 2024 agus 2.5 %

in 2025 san Aontas agus ó 5.4 % in 2023 go 2.7 % in 2024 agus 2.2 % in 2025 sa limistéar euro, de réir réamhaisnéis gheimhridh 2024 ón gCoimisiún; de bhrí nach mór don bheartas fioscach tacú le beartas airgeadaíochta maidir le boilsciú a laghdú agus inbhuanaitheacht fhioscach a chosaint, agus spás leordhóthanach a chur ar fáil d'infheistíochtaí breise agus tacú le fás fadtéarmach;

E. de bhrí go mbíonn tionchar éagsúil ag an mboilsciú ar ghrúpaí ioncaim, agus go mbíonn grúpaí ar ioncam íseal ag fulaingt go díréireach; de bhrí go bhféadfadh an boilsciú fíorghéarchéim chostais mhaireachtála a chruthú do chodanna áirithe den daonra, rud a chruthódh dúshláin don chomhtháthú sóisialta;

F. de bhrí go meastar go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas fiachais-OTI go 83.1 % san Aontas in 2023 (90.4 % sa limistéar euro); de bhrí go meastar go dtiocfaidh laghdú beag ar an gcóimheas fiachais-OTI san Aontas go dtí thart ar 82.7 % in 2024 agus 82.5 % in 2025; de bhrí go meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais-OTI an limistéir euro go dtí thart ar 89.7 % in 2024 agus 89.5 % in 2025; de bhrí go bhfuil éagsúlacht mhór i leibhéil fiachais na mBallstát éagsúil; de bhrí go bhféadfadh cóimheasa arda fiachais-OTI mar aon le rátaí arda úis agus staid mhaicreacnamaíoch neamhchinnte inbhuanaitheacht fhadtéarmach fiachais agus cobhsaíocht eacnamaíoch a chur i mbaol;

G. de bhrí, de réir réamhaisnéis fhómhar 2023 ón gCoimisiún, go meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais san Aontas agus sa limistéar euro go 3.2 % de OTI in 2023 agus go laghdóidh sé tuilleadh go 2.8 % de OTI in 2024 agus go 2.7 % in 2025; de bhrí go ndearnadh clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú ag deireadh 2023; de bhrí gur fhógair an Coimisiún go gcuirfidh sé togra faoi bhráid na Comhairle maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnamh a thionscnamh in earrach 2024 ar bhonn na sonraí olltoraidh do 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann cheana;

H. de bhrí, in 2023 agus 2024, go meastar go gcrapfaidh an staid fhioscach chomhiomlán, 0.5 % de OTI sa dá bhliain, go príomha mar gheall ar dheireadh iomlán a chur de réir a chéile le bearta fuinnimh a bhaineann leis an ngéarchéim;

I. de bhrí gur chuir freagairt bheartais mhear, chinntitheach agus chomhordaithe ar chumas gheilleagar an Aontais iarmhairtí socheacnamaíocha phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a athbhunú agus dul i ngleic leo, agus dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh a d'eascair aisti; de bhrí mhoilligh an geilleagar in 2023; de bhrí go bhfuil neamhchinnteacht ard agus rioscaí arda a bhaineann le héabhlóid chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus na coinbhleachta sa Mheánoirthear mar thréith den ionchas i gcónaí;

J. de bhrí gur léirigh na himeachtaí geopholaitiúla suaiteacha sin gur gá don Aontas Eorpach a neamhspleáchas straitéiseach oscailte a neartú tuilleadh agus a bheith iomaíoch sa mhargadh domhanda, agus a áirithiú ag an am céanna nach bhfágfar aon duine ar lár;

K. de bhrí gur rannchuidigh cistiú an Aontais le neart maicreacnamaíoch ar leibhéal an Aontais agus go méadaíonn sé athléimneacht inmheánach agus sheachtrach an Aontais tráth géarchéime, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do na Ballstáit infheistíochtaí riachtanacha i dtosaíochtaí an Aontais a mhaoiniú chun dul i ngleic le

dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

L. de bhrí, tar éis leathnú suntasach a bhaineann le géarchéim idir 2020 agus 2022, go meastar go mbeidh an staid fhioscach sa limistéar euro sriantach in 2023 agus 2024; de bhrí gur cheart go leanfadh an staid fhioscach de bheith solúbtha i bhfianaise na héiginnteachta ard;

M. de bhrí gur tháinig laghdú géar ar ghlaninfheistíocht phoiblí mar chéatadán de OTI san Aontas tar éis na géarchéime airgeadais mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus leibhéil dhiúltacha á mbaint amach i gcásanna áirithe; de bhrí nár aisghabhadh an cóimheas sin go hiomlán go fóill; de bhrí go bhfuil rath na mbeartas aeráidneodrach agus an chlaochlaithe dhigitigh ag brath ar chur chuige comhchoiteann Eorpach agus go bhfuil gá le bearta ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon; de bhrí go bhfuil dlúthnasc idir athléimneacht an Aontais amach anseo agus infheistíochtaí méadaithe poiblí agus príobháideacha don fhás inbhuanaithe agus clár oibre uaillmhianach um athchóiriú struchtúrach; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le straitéis thráthúil chun leibhéil iomchuí infheistíochta poiblí a áirithiú tar éis dhul in éag na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) in 2026; de bhrí go bhfuil gá le hinfheistíochtaí suntasacha poiblí agus príobháideacha chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Chomhaontú Pháras a bhaint amach;

N. de bhrí gur gá do na Ballstáit na sásraí faireacháin agus iniúchóireachta is gá a bheith i bhfeidhm acu chun urraim don smacht reachta a áirithiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe chun calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc agus chun trédhearcacht a áirithiú; de bhrí go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit na moltaí tír-shonracha ábhartha (CSRanna) a chur chun feidhme i ndáil leis sin;

***Ionchais eacnamaíocha don Aontas Eorpach***

1. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an staid eacnamaíoch, an éiginnteacht leanúnach, an fás lag, an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht san Aontas; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil tionchar leanúnach ag praghsanna fuinnimh agus ag boilsciú ar chumhacht ceannaigh teaghlach, rud a fhágann go bhfuil baol níos mó bochtaineachta ann, lena n-áirítear bochtaineacht fuinnimh, do go leor Eorpach, agus ar chumas chuideachtaí an Aontais, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), feidhmiú; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit bearta breise chun na deacrachtaí sin a shárú agus chun bearta spriocdhírithe a chur chun feidhme chun iomaíocht chóir a áirithiú sa mhargadh aonair agus chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna boilscithe leanúnacha;

2. á thabhairt dá haire go bhfuil go leor Ballstát thíos le dúshláin struchtúracha a chuireann bac ar a n-acmhainneacht fáis; á thabhairt chun suntais go bhfuil sé ríthábhachtach dul i ngleic le dúshláin struchtúracha chun téarnamh inbhuanaithe agus fás leanúnach a bhaint amach, agus go bhfuil sé ríthábhachtach athchóirithe a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí struchtúracha, ní hamháin chun feabhas a chur ar an gcumas dúshláin atá ann cheana a sheasamh agus aghaidh a thabhairt orthu ach freisin chun an dá aistriú a thabhairt i gcrích ar bhealach inbhuanaithe agus cothrom; á

thabhairt chun suntais go bhfuil athchóirithe struchtúracha uaillmhianacha ríthábhachtach i gcónaí chun bonn eacnamaíoch an Aontais a neartú, chun cruthú gnó agus fiontraíocht a chur chun cinn agus chun iomaíochas, táirgiúlacht agus acmhainneacht fáis fhoriomlán an Aontais a neartú;

3. á chur i bhfáth go bhfuil easpa infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha i mBallstáit áirithe ag cur bac ar acmhainneacht an fháis atá cothrom ar bhonn sóisialta agus inbhuanaithe; á mheas gur tosca ríthábhachtacha iad rialacha intuartha, cothrom na Féinne agus costais chomhlíonta laghdaithe chun infheistíocht a mhealladh; á thabhairt chun suntais go bhfuil na hinfheistíochtaí sin ríthábhachtach do chumas an Aontais dul i ngleic leis na dúshláin atá ann cheana, lena n-áirítear na haistrithe córa glasa agus digiteacha, agus go gcuirfidh siad le hathléimneacht agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais le linn na ndúshlán atá le teacht; á chreidiúint gur cheart athchóirithe feabhsaithe fáis agus athléimneachta a bheith ag gabháil leis na hinfheistíochtaí sin; ag tabhairt aird ar na hinfheistíochtaí i bhfoinsí in-athnuaite agus in éifeachtúlacht fuinnimh a bhfuil gá leo chun, i measc nithe eile, an tAontas a dhéanamh neamhspleách ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus chun srian a chur leis an mboilsciú arna spreagadh ag praghsanna fuinnimh; ag cur sonrú sa staid fhioscach chrapthach a bhfuiltear ag súil léi in 2023 agus 2024; á thabhairt chun suntais nár cheart go dtiocfadh aon chrapadh ar chostas infheistíochta, rud ar cheart a mhéadú ar fud an Aontais;

4. á chur i bhfáth go gcabhrófaí le borradh a chur faoin infheistíocht phríobháideach dá ndéanfaí an margadh aonair a dhoimhniú tuilleadh agus deireadh a chur le bacainní ar infheistíocht, lena n-áirítear trí athchóirithe lena ndéantar pleanáil, ceadú agus nósanna imeachta riaracháin eile a chuíchóiriú agus a dhigitiú; á athdhearbhú gur féidir le beartas tionsclaíoch, chomh maith le margaí caipitil agus nuálaíocht an Aontais atá domhain agus comhtháite, rannchuidiú freisin trí thacú le hinfheistíocht, iomaíochas domhanda an Aontais a chosaint agus rioscaí a bhaineann le spleáchas iomarcach ar líon teoranta tíortha nach bhfuil san Aontas le haghaidh príomhtheicneolaíochtaí, amhábhar agus ionchur tionsclaíoch a mhaolú;

5. á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit athbhreithnithe caiteachais mar chuid rialta den phróiseas buiséadach (il)bhliantúil, rud a chabhródh le héifeachtúlacht agus cáilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú; ag aontú leis an moladh ón gCoimisiún i Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2024 gur cheart do na Ballstáit deireadh a chur le bearta tacaíochta fuinnimh a bhaineann le géarchéimeanna agus deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise a luaithe is féidir; á chur i bhfáth go bhfuil ríthábhacht le hioncam agus caiteachas na rialtas araon chun inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a ráthú; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit gníomhaíocht chun dul i ngleic le calaois chánach, seachaint cánach, imghabháil cánach agus sciúradh airgid; á chur in iúl gur geal léi an comhaontú maidir leis an bpacáiste maidir le frithsciúradh airgid i ndáil leis sin;

6. ag aontú le measúnú an Choimisiúin go bhfuil rioscaí a bhaineann le héagsúlachtaí arda fiachais agus praghsanna fós ábhartha, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil gá le tar-rolladh mór fiachais, nó i gcás ina bhfuil méaduithe móra ar íocaíochtaí úis le sárú ag an earnáil phríobháideach;

7. á iarraidh go bhféachfadh na Ballstáit sa limistéar euro ar na modhanna uile chun an t-

athbhreithniú ar Chonradh an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh a thabhairt chun críche chun go bhféadfaí an cúlstop coiteann a thabhairt isteach sa Chiste Réitigh Aonair, rud a neartódh athléimneacht an limistéir euro tuilleadh;

***An Seimeastar Eorpach agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta***

8. á mheabhrú gurb é an Seimeastar Eorpach an creat seanbhunaithe chun na beartais bhuiséadacha, eacnamaíocha, shóisialta agus fostaíochta a chomhordú ar fud an Aontais i gcomhréir leis na Conarthaí, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus, ar an gcaoi sin, a chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, cóineasú marthanach fheidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát agus comhtháthú sóisialta an Aontais a choimirciú; á iarraidh go mbeadh úinéireacht náisiúnta níos láidre ag na Ballstáit ar an Seimeastar Eorpach, mar shampla trína n-údaráis áitiúla agus réigiúnacha; á thabhairt dá haire go bhfuil plean tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais do 2023 mar chuid de straitéis fáis an Aontais;

9. ag teacht leis an tuairim gur gá CSRanna 2024 a dhíriú ar chritéir shonracha; á chur i bhfios go láidir nach mór dóibh fónamh freisin chun fás eacnamaíoch fónta agus cuimsitheach a chur chun cinn, chun feabhas a chur ar an iomaíochas agus ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cothroime shóisialta agus idirghlúine a áirithiú; ag cur san áireamh na difríochtaí maidir leis na réamhaisnéisí náisiúnta maidir le fás OTI, boilsciú, dífhostaíocht, comhardú ginearálta an rialtais, ollfhiachas poiblí agus iarmhéid an chuntais reatha agus á thabhairt dá haire go léiríonn siad go bhfuil gá le cuir chuige solúbtha bunaithe ar réaltacht shonrach gach Ballstáit; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfadh an Coimisiún na moltaí tírshonracha a nascadh ar bhealach níos dlúithe leis na tuarascálacha tíre faoi seach; á iarraidh go ndéanfaí faireachán éifeachtúil ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha agus ar na hathchóirithe ábhartha, chomh maith leis an dul chun cinn maidir le bearnaí infheistíochta sainaitheanta a laghdú; á chur i bhfáth nach mór leochaileachtaí sóisialta agus dífhostaíocht a chur san áireamh sna moltaí tírshonracha; á thabhairt dá haire go bhfuil laghdú ag teacht ar líon na moltaí tír-shonracha sóisialta atá bunaithe ar an scórchlár sóisialta;

10. á chur in iúl gur geal léi an tsolúbthacht maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choigeartú, e.g. i gcomhthéacs REPowerEU, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh óna chur chun feidhme; á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh na garspriocanna agus na spriocanna sna pleananna téarnaimh náisiúnta comhsheasmhach leis na moltaí tírshonracha agus gur cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar fhothacar suntasach de na moltaí tírshonracha ar a laghad, mar chuid dá bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta; ag cur béim ar rath na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta; á mheabhrú go ndéanfar rath agus éifeachtacht na dtionscadal arna maoiniú a thomhas de réir a dtionchar ar an ngeilleagar agus ar an bhfostaíocht agus á iarraidh go ndéanfar na tionscadail sin a chur chun feidhme go tapa, go trédhearcach agus go héifeachtach; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, go bhfuil comhlíonadh Rialachán RRF agus cur chun feidhme cuí ríthábhachtach d’inchreidteacht RRF;

11. ag cur sonrú sa ról atá ag RRF maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda a eascraíonn as an aistriú glas agus as claochlú digiteach an gheilleagair; á chur i bhfáth

go gcuireann athchóirithe agus infheistíochtaí faoi na pleananna téarnaimh agus athléimneachta le spriocanna aeráide Rialachán RRF agus go n-urramaíonn siad an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as an deis sin agus leas a bhaint as RRF chun a ngeilleagair a athrú ó bhonn agus iad a dhéanamh níos iomaíche; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé a fhíorú go sroicheann na cistí an fíorgheilleagar agus FBManna agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cuntasacht agus trédhearcacht do chomhlachtaí a fhaigheann cistiú ón Aontas;

12. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá infheistíocht phríobháideach agus phoiblí i gcomhthéacs an téarnaimh eacnamaíoch agus i mbainistiú an dá aistriú; á mheabhrú nach dtagann RRF in ionad ról sonrach na hinfheistíochta poiblí náisiúnta; á athdhearbhú gur gá cáilíocht, trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú san infheistíocht phoiblí agus i straitéisí náisiúnta chun ailíniú le cuspóirí an dá aistriú; á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh na straitéisí náisiúin sin don dá aistriú ina gcomhlánú ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ar ionstraimí infheistíochta Eorpacha eile;

13. ag tacú le cláir bheartas comhtháthaithe an Aontais a chuíchóiriú le riachtanais infheistíochta arna sainaithint faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus sna moltaí tírshonracha; á mheabhrú go bhfónann an beartas comhtháthaithe do shraith níos leithne cuspóirí ná RRF agus go bhféadfadh sé na bearta a comhaontaíodh faoi RRF a chomhlánú; á iarraidh go ndéanfaí rannpháirtíocht geallsealbhóirí, lena n-áirítear rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na hearnála gnó, a ionchorprú ar bhealach inchomparáide i ndréachtú agus i gcur chun feidhme pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, mar atá i gcás cláir beartais chomhtháthaithe;

14. á chur i bhfios go láidir go bhfuil comhordú idir na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear idir rialtais náisiúnta agus údaráis réigiúnacha agus áitiúla, bunriachtanach chun RRF a bhainistiú agus chun bacainní riaracháin agus maorlathas a shárú;

15. á thabhairt dá haire gur tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach an 10 Feabhra 2024 maidir le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a athchóiriú, arb é is aidhm dó comhordú éifeachtach na mbeartas eacnamaíoch agus cóineasú marthanach fheidhmíocht eacnamaíoch agus shóisialta na mBallstát a áirithiú;

16. á chur in iúl gur geal léi na ceachtanna a foghlaimíodh ó na roghanna deartha do rialachas RRF; á thabhairt dá haire nach gcuirtear sásraí dreasachta airgeadais an Aontais ar fáil leis an athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí beartais náisiúnta agus chun iad a chur chun cinn; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh don leibhéal infheistíochta poiblí is gá chun príomhchuspóirí an athchóirithe ar an gcreat rialachais eacnamaíoch a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí reatha an Aontais agus ar thosaíochtaí an Aontais amach anseo; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach mbeidh an acmhainneacht airgeadais ag roinnt Ballstát an t-aistriú cóir glas agus digiteach a mhaoiniú astu féin;

17. ág cur béim ar ról Pharlaimint na hEorpa i gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais

agus á mholadh go mbeadh Parlaimint na hEorpa níos rannpháirtí sa Seimeastar Eorpach, agus lánurraim á tabhairt do na hinniúlachtaí arna mbunú leis na Conarthaí; ag cur sonrú san idirphlé idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir lena bpleananna struchtúracha fioscacha aonair; á chur i bhfáth gur gá caitheamh go cothrom le gach Ballstát; á chur i bhfios go láidir nach mór comhlíonadh méadaithe na rialacha faoi ghrinnscrúdú an Bhoird Fhioscaigh Eorpaigh a bheith ag gabháil le méadú ar chumhacht lánroghnach an Choimisiúin sa phróiseas forbartha do na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha, chomh maith le cuntasacht mhéadaithe agus méadú ar an sreabhadh faisnéise i dtreo Pharlaimint na hEorpa; á aithint go leagtar bonn úsáideach na cuntasachta leis an Idirphlé Eacnamaíoch mar chuid den Seimeastar Eorpach; á mheas go n-éileodh cuntasacht chuí go mbeadh ionstraimí ag Parlaimint na hEorpa lena gceadaítear di iarmhairtí a chur i bhfeidhm bunaithe ar a measúnú ar fheidhmíocht an tSeimeastair Eorpaigh, i gcomhréir leis na Conarthaí;

°

° °

18. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is cleachtadh bliantúil é an Seimeastar Eorpach chun beartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha an Bhallstáit a chomhordú agus bíonn tionchar leathan aige ar bheartais shóisialta. Sa tuarascáil féin-tionscnaimh maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch in 2024, cuirtear in iúl go bhfuil imní ann faoin bhfás eacnamaíoch lag, leagtar béim ar thionchar na bpraghsanna fuinnimh agus an bhoilscithe ar chumhacht cheannaigh, agus aithnítear ról an Aontais maidir leis an ngeilleagar a chobhsú le linn géarchéimeanna. Leagann an Rapóirtéir béim ar an ngá atá le beartais chomhordaithe fhioscacha, struchtúracha agus rialála, chomh maith le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tá tábhacht ar leith ag baint le gnéithe fostaíochta agus sóisialta sa Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe 2024 i bhfianaise na héiginnteachta ina bhfuil méadú ag teacht ar an mboilsciú agus ar an gcostas maireachtála mar gheall ar ionradh leanúnach na Rúise ar an Úcráin, chomh maith leis na hiarmhairtí leanúnacha sóisialta agus eacnamaíocha atá ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus ar an staid sa Mheánoirthear.

Sa tuarascáil, cuirtear imní in iúl maidir le rátaí fáis laga san Aontas mar gheall ar thionchar leanúnach na bpraghsanna fuinnimh agus an bhoilscithe ar chumhacht ceannaigh teaghlach agus ar fheidhmíocht chuideachtaí an Aontais. Aithnítear iarrachtaí BCE chun aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú ach moltar ann nach leor rátaí úis atá ag dul i méid amháin; tá gá le beartais chomhordaithe fhioscacha, struchtúracha agus rialála chun go mbeifear in ann dul i ngleic le timpeallacht atá céasta ag géarchéimeanna. Cuirtear i bhfios go láidir sa téacs go gcuireann infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha neamhleora i mBallstáit áirithe bac ar fhás inbhuanaithe, agus leagtar béim ann ar ról ríthábhachtach na n-infheistíochtaí sin chun athléimneacht, stóinseacht agus iomaíochas an Aontais a fheabhsú i measc na ndúshlán.

Thairis sin, pléann an Rapóirtéir saincheisteanna a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), agus molann sé athchóirithe ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear an gá atá le simpliú, in-fhorfheidhmitheacht, agus tacaíocht d'aistrithe glasa agus digiteacha. Cé go n-aithníonn sé ceachtanna ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), is oth leis an Rapóirtéir an easpa sásraí dreasachta comhchosúla san athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch atá beartaithe. Cuirtear ábhair imní in iúl maidir le cumas airgeadais roinnt Ballstát na haistrithe glasa agus digiteacha is gá a chistiú go neamhspleách. Tagann tuilleadh imní chun cinn maidir leis an meath atá tagtha ar an ngné shóisialta mar gheall ar fhéinteorannú na Moltaí Tírshonracha (CSRanna) agus, mar thoradh air sin, laghdú ar líon na moltaí atá bunaithe ar an Scórchlár Sóisialta. Molann an Rapóirtéir moltaí tírshonracha 2024 a dhíriú, agus béim á leagan ar a ról maidir le feabhas a chur ar an iomaíochas, ar na haistrithe glasa agus digiteacha, agus ar an gcothroime shóisialta, agus leochaileachtaí sóisialta á gcur san áireamh. Tugtar faoi deara go bhfuil imní ann faoi chóras feidhmíochtbhunaithe na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta maidir le neamhéifeachtúlacht agus maorlathas. Tacaíonn Tuarascáil Sheimeastar bliantúil na bliana seo le beartais chomhtháthaithe an Aontais a ailíniú leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus leis na moltaí tírshonracha, rud a spreagann rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí i bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna) cosúil le cláir an bheartais chomhtháthaithe.

Is saoth leis an Rapóirtéir nach dtugtar dóthain airde ar an idirghníomhú idir míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus rialacha fioscacha, agus béim á leagan aige ar a

thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt air sin do chobhsaíocht airgeadais an Aontais, a bhféadfadh caiteachas poiblí a bheith ag teastáil ina leith. Aithnítear gur gá srian a chur ar chaiteachas poiblí chun easnaimh iomarcacha a sheachaint, rud a thugann le fios go bhfuil teorainneacha ann bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus caiteachas áirithe curtha i leataobh chun infheistíochtaí riachtanacha a dhíolmhú.

Ina theannta sin, is ábhar imní iad an dianmhaoiniú feidhmíochtbhunaithe agus córas fíorúcháin RRF, ós rud é go bhfuil gá le níos mó solúbthachta d'fhonn na cuspóirí infheistíochta comhaontaithe a bhaint amach. Tá sé sin níos riachtanaí fós más rud é gur cheart cláir an bheartais chomhtháthaithe a chuíchóiriú le riachtanais infheistíochta RRF. Tá ról ríthábhachtach ag an athchóiriú ar rialacha fioscacha an Aontais i bhforbairtí amach anseo ar bheartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha na mBallstát chomh maith leis an ngá atá le tuilleadh cuntasachta, le rannpháirtíocht na bparlaimintí náisiúnta, agus le hionstraimí cuí do Pharlaimint na hEorpa chun an Coimisiún Eorpach a thabhairt chun cuntais maidir le feidhmíocht an tseimeastair Eorpaigh.

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that he has received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

| Entity and/or person |
|---|
| European Consortium for Political Research (ECPR) |
| European Trade Union Confederation (ETUC) |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

15.2.2024

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM BUISÉID

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch le haghaidh 2024 (2023/2063(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Margarida Marques

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfios go láidir an t-ionchas eacnamaíoch agus sóisialta neamhchinnte atá ann don Aontas mar thoradh ar thionchar marthanach phaindéim COVID-19, iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, boilsciú agus an ghéarchéim fuinnimh agus an ghéarchéim costais maireachtála; ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag dréim go dtéarnóidh geilleagar an Aontais de réir a chéile in 2024, agus go mbeidh aige ráta fáis réamh-mheasta ag 1.3 % de OTI agus margadh saothair stóinseach; á chur i bhfios, áfach, go bhfuil dushláin agus éiginnteachtaí éagsúla ann a chuireann brú ar ghnólachtaí Eorpacha, ar airgeadas poiblí, ar bheartais phoiblí shóisialta agus ar bheartais leasa shóisialta, agus ar dhaoine, agus go bhfuil tionchar acu ar roinnt Ballstát níos mó ná Ballstáit eile; á chur in iúl gur cúis bhuartha dó go meastar go bhfanfaidh leibhéal an bhoilscithe go mór os cionn 2 % in 2024, ag 3.5 %: á chur in iúl gur cúis bhuartha di go háirithe an tionchar leanúnach atá ag na praghsanna fuinnimh agus ag an mboilsciú ar chumhacht ceannaigh teaghlach, rud a fhágann go bhfuil baol bochtaineachta níos mó ann do go leor Eorpach, agus maidir le cumas cuideachtaí AE feidhmiú;

2. á chur i bhfáth nach leor creat rialachais eacnamaíoch an Aontais atá ann faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhí ann roimhe seo agus atá ann faoi láthair agus go bhfuil géarghá le hathbhreithniú a dhéanamh air; ag tabhairt dá haire gur beartaíodh athchóiriú a dhéanamh ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais; á chreidiúnt gur cheart don chreat nua cur i bhfeidhm soiléir, solúbtha agus trédhearcach a áirithiú, agus spás fioscach sásúil a chur ar fáil do na Ballstáit chun go mbeidh siad in ann athchóirithe agus infheistíochtaí atá cóir go sóisialta a chur i bhfeidhm, chun a ngeilleagair agus a sochaí a dhéanamh níos athléimní, níos sábhailte, níos inbhuanaithe, níos cothroime agus níos cuimsithí agus chun infheistíocht a dhéanamh i dtosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, go háirithe an t-aistriú digiteach, beartais sóisialta, cosaint agus slándáil bia; ag meabhrú a seasaimh go gcuideoidh ionstraim bhuan ghéarchéime ar leibhéal an Aontais, de bhreis ar uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil

(CAI), le leibhéal infheistíochta straitéisí atá ard go leor agus staid fhioscach iomchuí ar an leibhéal comhiomlán a áirithiú, agus chun ullmhacht an Aontais freagairt go tapa do ghéarchéimeanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus do na héifeachtaí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leo a mhéadú;

3 ag meabhrú go ráthaítear leis an urraim don smacht reachta go mbeidh ceartas, comhionannas agus cobhsaíocht eacnamaíoch níos fearr ann; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an smacht reachta agus an córas ginearálta coinníollachta a chomhlíonadh; ag meabhrú gur réamhriachtanas bunúsach é buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar an smacht reachta chun rochtain a fháil ar an gciste, mar aon le sásraí éifeachtacha faireacháin, iniúchóireachta agus forfheidhmithe a chur i bhfeidhm ar chistí an Aontais, go háirithe chun mí-úsáid, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc agus chun trédhearcacht a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú nach mbeidh aon chúlú ann maidir le héachtaí bainte amach sa smacht reachta;

4. á aithint, gur léirigh NextGenerationEU (NGEU), go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), agus an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE), a rathúlacht agus a n-éifeachtacht maidir le tacú le téarnamh gheilleagair an Aontais agus maidir le cúnamh a thabhairt don chobhsú maicreacnamaíoch agus athléimneachta AE; ag tabhairt dá haire, thairis sin, a thionchar dearfach ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha agus ar infheistíochtaí i dtosaíochtaí an Aontais; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil pleananna náisiúnta athbhreithnithe curtha isteach ag formhór na mBallstát, lena n-áirítear caibidlí REPowerEU; á chur in iúl gur geal léi meastachán an Choimisiúin go bhféadfaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 44 mhilliún tona in aghaidh na bliana le cur chun feidhme iomlán na ngarspriocanna agus na spriocanna inchainníochtaithe arna gcistiú ag Bannaí Glasa NGEU go dtí deireadh 2026; á chur i bhfáth go gcaithfear na garspriocanna agus cuspóirí a chomhlíonadh chun go mbeidh pleananna náisiúnta curtha i bhfeidhm go rathúil agus go héifeachtach; á chur i bhfáth gur cheart na hinfheistíochtaí atá i gcomhréir le cuspóirí Eorpacha, go háirithe iad siúd ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus REPowerEU, a chur san áireamh go fabhrach agus cinneadh á dhéanamh maidir le síntí do Bhallstáit chun a bpleananna fioscacha a chur isteach;

5. ag meabhrú gur gá na héifeachtaí airgeadais agus eacnamaíocha áirithe ó Chogadh na hÚcráine a chur san áireamh, go háirithe ar na tíortha túslíne, agus iarrtar ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh;

6. á chur i bhfáth gur gá a bheith ann comhordú beartais níos fearr agus níos mó gnéithe sóisialta agus gnéithe oideachais faoi chuimsiú an Idirphlé ar an Seimeastar Eorpach; ag leagan béim, thairis sin, ar an bhfíoras go mbeidh gá le hinfheistíochtaí poiblí suntasacha chun tacú leis an téarnamh inbhuanaithe, cóir agus cuimsitheach san Aontas, chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh agus chun cóineasú sóisialta agus eacnamaíoch aníos a chumasú chun uathriail straitéiseach an Aontais a áirithiú; á chur i bhfáth, thairis sin, go bhfuil riachtanais shuntasacha ann d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, a mheasann an Coimisiún gurb ionann iad agus EUR 450 billiún in infheistíochtaí in aghaidh na bliana, agus digitiú na ngeilleagar a chur chun cinn. á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfeadh próiseas an

tSeimeastair Eorpaigh le cur chun feidhme iomlán Spriocanna Forbartha Ibhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta, agus na Straitéise Eorpaí um chomhionannas inscne;

7. á mheabhrú go bhfuil méadú tagtha ar na costais iasachtaí d’Ionstraim théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) tar éis an méadú suntasach a tháinig ar na rátaí úis; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh réiteach seasmhach agus intuartha ann chun costais iasachtaíochta EURI a aisíoc, de bhreis ar uasteorainneacha CAI, chun cláir AE a chosaint ar chiorruithe; á áitiú go láidir go dtabharfar isteach go tapa fíoracmhainní dílse nua leormhaithe éifeachtacha, go háirithe iad siúd a comhaontaíodh sa treochlár atá ceangailteach ó thaobh dlí arna bhunú faoin gComhaontú Idirinstitiúideach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[10], amhail cáin ar idirbhearta airgeadais agus ranníocaíocht airgeadais atá nasctha leis an earnáil chorparáideach nó comhbhonn nua don cháin chorparáide; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí breise a thíolacadh le haghaidh fíoracmhainní dílse;

8. á iarraidh go mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach go hiomlán maidir leis an gcreat rialachais eacnamaíoch agus rialachas eacnamaíoch a bheidh ann amach anseo in AE a athchóiriú, lena n-áirítear ionstraimí fioscacha a bhunú agus a bhainistiú; ag meabhrú gur cheart dá ról i Seimeastar Eorpach a neartú go suntasach.

[10] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 14.2.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 4<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Olivier Chastel, Katalin Cseh, Andor Deli, José Manuel Fernandes, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Eero Heinäluoma, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Hervé Juvin, Moritz Körner, Joachim Kuhs, Camilla Laureti, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Eva Maria Poptcheva, Bogdan Rzońca, Eleni Stavrou, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Jan Olbrycht, Grzegorz Tobiszowski, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Michael Gahler, Thijs Reuten, Maria Veronica Rossi, Pedro Silva Pereira |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, José Manuel Fernandes, Michael Gahler, Monika Hohlmeier, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Eleni Stavrou, Angelika Winzig |
| Renew | Olivier Chastel, Katalin Cseh, Vlad Gheorghe, Moritz Körner, Eva Maria Poptcheva, Nils Torvalds |
| S&D | Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Camilla Laureti, Thijs Reuten, Pedro Silva Pereira, Nils Ušakovs |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Alexandra Geese |

| 4 | - |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin, Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca, Grzegorz Tobiszowski, Roberts Zīle |
| ID | Maria Veronica Rossi |
| PPE | Niclas Herbst |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 22.2.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 3<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Gilles Boyer, Valentino Grant, Claude Gruffat, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, Othmar Karas, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Pedro Marques, Caroline Nagtegaal, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Antonio Maria Rinaldi, Alfred Sant, Aušra Seibutytė, Paul Tang, Irene Tinagli |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andżelika Anna Możdżanowska, René Repasi, Eleni Stavrou |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Jordi Cañas, Deirdre Clune, Bernard Guetta, Nacho Sánchez Amor, Michal Wiezik |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 28 | + |
|---|---|
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Deirdre Clune, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Aušra Seibutytė, Eleni Stavrou |
| Renew | Gilles Boyer, Jordi Cañas, Bernard Guetta, Georgios Kyrtsos, Caroline Nagtegaal, Michal Wiezik |
| S&D | João Albuquerque, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, René Repasi, Nacho Sánchez Amor, Alfred Sant, Paul Tang, Irene Tinagli |
| Verts/ALE | Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Piernicola Pedicini |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Valentino Grant, Antonio Maria Rinaldi |
| NI | Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Andżelika Anna Możdżanowska |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh